

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council



Tuarascáil ar Léargais

1 Eanáir - 30 Meitheamh 2024



teachingcouncil.ie

Find us on    

Cé muid féin

Ár Ról

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.

Déanaimid é seo trí chlárú reachtúil múinteoirí, a chinntíonn gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a gcomhlíonann a ball caighdeáin arda inniúlachta agus iompair ghairmiúil.

Gníomháimid ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna ag caomhnú agus ag feabhsú caighdeán i ngairm na múinteoireachta.

Tá rialáil éifeachtach ríthábhachtach chun leas an phobail a chosaint, chun ardchaighdeáin cháilíochta a chothabháil agus chun muinín i ngairm na múinteoireachta a chinntiú.

Tábhacht phoiblí ár gcuid oibre

Áirítear lenár bpríomhfheidhmeanna an méid seo a leanas:



Clár múinteoirí cáilithe agus grinnfhiosraithe in Éirinn a choinneáil.



Caighdeáin arda do mhúinteoirí in Éirinn a bhunú agus tacú leo.



Cáilíocht na gclár oideachais tosaigh múinteoirí a sholáthraíonn na hinstiúidí ardoideachais in Éirinn a chinntiú.



Caighdeáin a bhunú chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróisis ionductaithe a theastaíonn ar bhonn reachtúil agus chun foghlaim ar feadh an tsoil a chur chun cinn do mhúinteoirí cláraithe.



Taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh, agus úsáid á baint as sonraí agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus forbairt beartais.

Forléargas

1 Eanáir – 30 Meitheamh 2024



122,528

múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.



5

Fhiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a cuireadh i gcrích thar 17 lá éisteachta san iomlán.



14,118

múinteoir a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu.



8

gclár creidiúnaithe thar 4 Institiúid Ardoideachais faoi Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.



2024-26

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta a Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 - 2026.



19

gcur i láthair tugtha do mhúinteoirí faoi oiliúint sa bhliain dheireanach ar fud na n-institiúidí ardoideachais faoi Droichead agus ról na Comhairle Múinteoireachta.



Spríoc Straitéiseach a hAon: Clárú agus Soláthar Múinteoirí

Spríoc: Soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe agus grinnfhiosraithe a chinntiú chun freastal ar riachtanais shainaitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar le páirtithe leasmhara, leis an Roinn Oideachais, agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

2,823

cláraí nua curtha ar an gclár.

8

gclár creidiúnaithe thar 4 institiúid ardoideachais faoi Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

496

cháiligh de líon iomlán na gcláraithe nua lasmuigh d'Éirinn.

14,118

múinteoir a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu.

60,037


múinteoir a rinne athnuachan ar a gclárú a raibh meán-am próiseála 3 nóiméad acu.

2,046

d'imigh múinteoir i léig/ baineadh den Chlár iad.

Clár na Múinteoirí

122,528 múinteoir cláraithe ó bhí an 4 Meitheamh 2024 ann



Tabhair faoi deara: is féidir le múinteoirí a bheith cláraithe ar bhreis is Bealach amháin.

Spríoc Straitéiseach a Dó: Feidhmiúlacht chun Múineadh

Spríoc: Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil na próisis um fheidhmiúlacht chun múineadh cothrom, cuí agus éifeachtach ar mhaithe leis an bpobal agus leis an ngairm.



31



gearán faighte ó mhí Eanáir – mí an Mheithimh 2024.

5



Tarchuireadh ghearán chuig Fiosrúchán.*

*D'fhéadfaí nach mbainfeadh na 5 ghearán a tarchuireadh chuig an bhfiosrúchán leis an 31. D'fhéadfaí go bhfuarthas na 5 ghearán i mbliain roimhe sin.



5

Fhiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a cuireadh i gcrích le linn na chéad sé mhí den bhliain 2024.



B'ionann iad seo agus

17 lá éisteachta.

Spríoc Straitéiseach a Trí: Pobail ghairmiúla chomhoibríocha don inbhuanaitheacht

Spríoc: Creataí agus tacaíochtaí praiticiúla a sholáthar do phobail ghairmiúla chomhoibríocha le béim ar leith ar ionchuimsiú, áthas agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim ar ardchaighdeán.



I mí an Mheithimh, bhí Scéim Sparánachta Féilte sna céimeanna deiridh den ullmhúchán. D'oibrigh an Chomhairle ar thogra chun scéim sparánachta ar luach €100,000 a oscailt chun tacú le cultúr an chomhoibríthe ghairmiúil agus le comhroinnt eolais i measc múinteoirí agus scoileanna. Cabhrófar leis an múinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm leis an scéim freisin.



19

n-aonach gairme ar freastalaíodh orthu ar fud oileán na hÉireann.



Foilsíodh an Straitéis maidir le Cinnteoireacht, Beartas agus Cleachtas Fianaise-Bhunaithe 2024-2026.



6

chruinniú a reáchtáladh le Tionscadal na Múinteoirí Imirceacha chun tacú le múinteoirí imirceacha i gcóras oideachais na hÉireann.



19

gcur i láthair tugtha do mhúinteoirí faoi oiliúint sa bhliain dheireanach ar fud na n-institiúidí ardoideachais faoi Droichead agus ról na Comhairle Múinteoireachta.

Spríoc Straitéiseach a Ceathair: Acmhainní corparáideacha Bealaí oibre inbhuanaithe

Spríoc: Cultúr eagraíochtúil solúbtha, comhoibríoch agus nuálach na Comhairle Múinteoireachta a thacaíonn le foghlaim chomhroinnte agus freagrúlacht do riachtanais rialála agus do thosaíochtaí náisiúnta a chothabháil agus a fheabhsú.



D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta an Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide 2024 - 2026.



Cuireadh athbhreithniú ar dhearadh eagraíochtúil i gcrích agus cuireadh tús le plean lucht oibre a bhfuil earcaíocht ceadaithe ina leith.



Nuashonraíodh Cód Cleachtais na Comhairle Múinteoireachta.



Reáchtáladh toghcháin na Comhairle Múinteoireachta ón 22 Feabhra go dtí an 12 Márta 2024. Chaith 12.6% vóta. Toghadh 16 bhall ar an gComhairle.



Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tairseach dhátheangach Mo Chlárú a fhorbairt. Is féidir le múinteoirí a gclárúchán a athnuachan go hiomlán ar líne anois trí Bhéarla nó trí Ghaeilge. Tá feabhsúcháin bhreise beartaithe don tairseach Mo Chlárú níos déanaí i mbliana.



An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

**An Chomhairle
Mhúinteoireachta**

Bloc A,
Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad,
Co. Chill Dara,
W23 Y7X0
Éire

01 6517900
info@teachingcouncil.ie

teachingcouncil.ie

Find us on    